An Cloċán Liaṫ

Ṫug an tAṫair Ó Cnáimsí, a h-ordnaíoḋ in Innsbruc, san Ostair, cuairt ar an gCloċán Liaṫ ar na mallaiḃ. As Buffaló, Nua Eaḃrac, an tAṫair Pádraig D. Ó Cnáimsí, agus ṫáinig a aṫair, Seán Ó Cnáimsí, ó Leiṫmín, An Cloċán Liaṫ, daċad bliain ó ṡin. I gcuideaċta an Aṫar Ó Cnáimsí nuair a ṫug sé cuairt ar an Cloċán Liaṫ, ḃí a uncail, Pádraic Ó Cnáimsí, ó Edinburgh, agus Aintí dó, Máire Bean Stroh, na Stáit Aontaiṫe. ċoṁ maiṫ lena aṫair, Seán Ó Cnáimsí.

Cúis bróin sa ċeantar bás Antoine Ó Gallċoḃair, as Croḃeiṫe, an Cloċán Liaṫ. Ḃí sé ós cionn na gceiṫre scór, agus ċaiṫ sé an ċuid ba ṁó dá ṡaol sa gceantar, aċ ní raiḃ an tsláinte ró ṁaiṫ aige le tamall anuas. Ċuaiġ tórraṁ mór leis go reilig an Ċloċáin Leiṫ indiaiḋ Aifreann na Marḃ, i dTeaċ Pobail Naoṁ Peadar, An Cloċán Liaṫ, a léiġ an Dr. E. P. Mac Diarmada, S.C., Mín na Croise. Níṫear coṁḃrón lena deirfiúr, Neansaí, atá i mBéal Feirste, agus le Caṫal agus Seán Ó Cinnéide, Máiréad Ní Ċinnéide agus Máire Bean Uallais.

Dé Doṁnaiġ seo ugainn beiḋ cuid mionúr Ḋún na nGall ag dul in éadan Ṫír Eoin ag Béal Áṫa Seanaiġ sa ċéal ċluiċe de léig na mionúr i gCúige Ulaḋ.

Tá sóisir Ḋún na nGall buailte amaċ as an ċomórtas agus táṫar ag braṫ go mór ar na mionúir anois. Ḃí cluiċe trialaċ i mBealaċ Féiċ oíċe Aoine seo caite, idir foireann na nGairm Scoltaċa a ḃuaiġ craoḃ Ulaḋ agus an ċuid eile den ċondae.

Is breá ar fad mar atá gáirdín Bantraċ na Tuaiṫe ag Bóṫar na Céiḃ, An Cloċán Liaṫ, ag aṁarc na laeṫeanta seo.

Cúis mór bróin insan ċeantar bás Brian Ó Doṁnaill, Mín a' Toiteán. Fuair sé bás insan Ospidéal anseo agus ḃí árd ṁeas air féin agus ar a ṫeaġlaċ insan áit. Duine breá pleisiúrṫa a ḃí ann, agus ḃí aċan ḋuine go maiṫ dó. Ḃí sé ós cionn na dtrí-scóir go leiṫ, agus sé ṁí ó ṡin, fuair deartár dó. Seaic Ó Doṁnaill bás. Ċuaiġ tórraṁ mór leis go reilig an Ċloċáin Léiṫ indiaiḋ Aifreann na Marḃ, a léiġ an tAṫair S. Mac Giolla Ċearra, S.C., i dTeaċ Pobail Naoṁ Peadar, An Cloċán Liaṫ. Níṫear coṁḃrón lena deirfiúraċa, Madge, Annie agus Máire.

Ḃí dúil ariaṁ ag muintir na Rosann sa ċeol agus tá scaifte mór as na Rosa agus ṫart fá an Cloċán Liaṫ ag imeaċt i riṫ an bealaí suas go Dúrlas Éile ċuig Fleaḋ Ceoil na hÉireann. 'um Cincise.

Monarca Caise

Tá an Dairy Disposals Co., ċun monarca cáise a ġlacas isteaċ 5,000,000 galún bainne sa bliain, a ḃunú ag Lios Tuaṫail de réir mar deir an tUasal Ó Raġallaiġ, Bainisteoir Ginearálta Bord Bainne. Cosnóiḋ an monarca £500,000 agus soláṫróiḋ sé timpeall 2,000 tonna caise sa bliain. Seo é an dara tionscail mór i gCiarraí le cúpla mí anuas. I mí Eanair, d'ḟógraiġ Fry Cadbury, go raiḃ siad ag bunú monarca £600,000 ag Raṫ Mór, fá ċoinne púdar instant skim ⁊ ola ime. Tá an £30,000 is gá beagnaċ bailiṫe ag eagras áitiúil fá ċoinne an monarca próiséisiṫe bia atá le bunú i dTráiġlí gan ṁoill.

Bealaċ Féiċ

In ionad bailiúċán na teangan mar a tógtar in áiteaċa eile, ḃí céilí ar leiṫ a d'éagraiġ Proinnsias Ó Gallċoḃair, O.S., Sraiṫ an Urláir, insan Butt Hall agus cuireaḋ an toraḋ ón ċéilí ċuig Ciste Ċoṁaltas Ulaḋ. Ḃí daoine i láṫair ó ċeantar mór ṫart timpeall, agus ṫáinig bus speisialta ó Lifear aníos timpeall Caisleán na Finne agus Coill Uí Ġoroúin. Banna Ceoil Gleann Finne a ṫug an ceol.

Ailt an Ċorrain

Muintir Marinpro Teo., a bíoḋ ag oibriú an monarca próiséisiṫe scadán in Ailt an Ċorráin le 11 bliana anuas, tá siad indiaiḋ dul i gcoṁar le cuideaċtan breaṫánaċ eile, Associated Fisheries Teo. Tuigtear go ḃfuil an dream nua le leaṫnú a ḋéanaṁ ar a gcuid oibre de tairḃe éisc.

Tá monarcan oiḋreogaí indiaiḋ a ṫógáil in Ailt an Ċorráin agus buntáiste mór do na hiascairí ⁊ do tionscail na hiascaireaċta é. Beiḋ sé na ċaḃair do luċt onnṁuiriṫe éisc, agus don ċaḃlaċ iascaireaċta. Bord Iascaiġ Ṁara a ṫóg an stáisiún éisc seo.

Tá caḃlaċ tráiléirí Ailt an Ċorráin ag déanaṁ go rí ṁaiṫ ag breiṫ ar iasc bán, agus tá luaċa maiṫe dá ḟáil acu air.

Toraiġ

Ar na mallaiḃ tugaḋ last gual isteaċ go Oileán Toraí. Is fíor corr uair roiṁe a tugaḋ gual isteaċ, aċ an séasúr a ċuaiġ ṫart, níor sáḃáiliú mórán móna agus ḃí cuid den ṁóin 'na luí ar na baċtaí agus ḃí barraíoċt trioblóide ag muintir an oileáin ag teaċt amaċ ag iarraiḋ í a ġiollaċt, agus ní raiḃ le déanaṁ acu aċ beiṫ ag tarraingt ar ġual ansin.

Léiġ Amáraċ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMÁRACH

ó ... ... go ... ...

Gleann Colmcille

Tá Bean agus Pádraic Ó Gallċoḃair atá ina gcónaí insan tsean áit, agus Dónal Ó Gallċoḃair, Ceapaċ, agus Seán Ó Gallċoḃair, Rann na Cille, indiaiḋ teaċt na ḃaile ar saoire ó Chicago, go dtí Rann na Cille, Teileann, An Ċarraiġ. Tá sé cúig bliana ó ḃí sí na ḃaile ar saoire roiṁe. As Co. Ṁuiġeo fear céile.

Tá foireann úr Naoṁ Columba de Ċumann Lúṫċleas Gael i bparaiste Ġleanncolmcille indiaiḋ tosaiġ ar traenáil fá ċoinne na céad cluiċí a ḃéas acu insan comórtas peile.

Ṫug an maor Gineréal M. S. Ó Coisdealḃa, stiúrṫóir bainistí don Ċoṁluċt Siúicre, cuairt ar an monarca próiséiriṫe bia ag Mín an Aoḃaire, ar na mallaiḃ, agus d'ḟiosraiġ sé ar scéimeanna forbairte eile a ḃí ag Coṁar an Eargaill. Ḃí sé breá sásta leis na pleananna go léir.

Tógaḋ na céad maicréil den tséasúr ag Málainn Beag, agus cuireaḋ iad go margaḋ Ḃaile Áṫa Cliaṫ, áit a ḃfuarṫas 4s. an ċloċ orṫa.

Tá an Glencolumbcille Dramatic Club ag déanaṁ obair ṁór ag cur Béarla ar agaiḋ i nGleann Colmcille. An tseaċta'n seo caite, léiriġ siad dráma trí-raḋarc, i mBéarla ar fad, 'The Roadside' agus ḃí slua mór i láṫair ag féaċaint air i halla Muire, Caiseal.

Cuireaḋ cuid ṁaiṫ scadáin i dtír i Málainn Beag, Gleann Colmcille, le seaċtain anuas, aċ ní raiḃ mórán ceannaċt orṫa.

Indiaiḋ trí-seaċtainí saoire do ċaiṫeaṁ sa tsean áit, tá Peadar Ó Maolḃuaiḋ, mac is sine do Caitríona Bean Uí Ṁaolḃuaiḋ, ⁊ Séamas Ó Maolḃuaiḋ, naċ maireann, Mín an Aoḃaire, indiaiḋ imeaċt arais go Chicago. Ba é seo an ċéad cuairt a ṫug sé na ḃaile ó d'imiġ sé go Meiriceá tá 16 bliain ó ṡin. Tá sé 'na leictreoir le cuideaċtean in Chicago.

Anagaire

Níor ċeart díoḃa fanaċt go mbeaḋ coiste cróinéire ag insint díoḃa go raiḃ an milleán ar Coṁairle Co. Ḋún na nGall naċ ċuir cosaint de ċineál eicínt ar fáil —adúirt Séamas Mac Ruairí, le Coṁairle Co. Ḋún na nGall nuair a ṁol sé gur ċeart claiṫeaċa nó balla cosanta a ṫógáil ar fud an ḃealaí ag halla A.O.H. in Anagaire, agus ar ṫaoḃ na farraige ar an ḃealaċ mór in aice le droiċead na cruite. D'iarr sé ar an ċoṁairle an cúram seo a ġlacaḋ ag na pointí seo, sula mbeaḋ taisme ann agus a ċaillfí duine eicínt. Ċaḃraiġ an Teaċta Ó Doṁnaill agus Ó Breisleáin leis an rún, agus glacaḋ leis.

Tá ganntanas millteanaċ préataí fá na Rosa san am i láṫair. Ba ġnáċ cuid mór préataí a ḟás anseo, aċ tá na páistí beaga dá ligint amaċ as úsáid, agus tá na préataí ṫar a ḃeiṫ gann i mbliana.

An Spidéal

Ṫug Aisteoirí An Spidéal dá léiriú eile den sár ḋráma "An Stráinséar Duḃ" i mBaile Áṫa Cliaṫ deireaḋ na seaċtaine seo caite. Insan Damer a ṫug siad an léiriú agus ḃí sé ar ċeann de na drámaí is fear a léirioḋ ariaṁ san aṁarclann sin. Agus ḃí sin le feiscint ar an slua a ḃí i láṫair, agus d'eist siad go cúramaċ leis an dráma ó ṫús go deireaḋ, agus ba sonnraíoċ ar fad an bualaḋ bos a ṫug siad ag na ḋeire. Coṁġáirdeaċas leis an ḟoireann go léir agus leis an léiriṫeoir go speisialta, as seod ealaíona mar seo a ċur ós bur gcoṁair.

Seasaimís ar ar mBonnaí Féin

Is miṫid don Ċoṁairle Condae íoc as banaltraí

Is aisteaċ le rá é, gurb é an Ladé Dudlaí Association a ḃí ag íoc banaltra do ṗaráiste fíor-Ġaeltaċta Ċloiċeannaola, aċ sin mar ḃí, do réir ċosúlaċta, ⁊ dúraḋ go raiḃ an Association ċun smaoineaṁ ar banaltra nua a ċeapaḋ ag an ċéad ċruinniú eile.

Sin an freagra a tugaḋ don Teaċta Cormac Ó Breisleáin, nuair a ċuir sé ċeist ag an Ċoṁairle Condae an raiḃ sé i gceist banaltra a ċur ar fáil insan ṗaráiste.

Cinnte, is miṫid, agus is lán miṫid go mbeaḋ muid inann díol as banaltra le seirḃísí banaltraċta a taḃairt ins na paráistí fíor-Ġaeltaċta anois faoi láṫair agus gan a ḃeiṫ ag braṫ ar eagras a bunaíoḋ faoi ċoimirce iasaċta agus fo fios dúinn, naċ dtugann áird ar biṫ ar ġnáṫteanga an ṗobail ins na ceapaċáin.

Cé'n ṁiaṫ a ḃeiḋ ag tráċt ar Ġaeltaċt nó ar rud ar biṫ eile, más rud é naċ ḃfuil na gnáċ seirḃísí agus an príoṁ ċeann acu, seirḃís banaltraċta le fáil frid eagras a ċinneóiḋ go mbeiḋ na seirḃísí seo le fáil ag an ṗobal ina gcanúint agus ina dteanga féin.

An ḃfuil rian na sclábaíoċta fáġta ċoṁ doiṁin sin ionainn go fóill, agus naċ ḃfuil muid ábalta na rudaí seo a ḋéanaṁ dúinn féin, nó leis an scéal a ċur go soiléir — naċ ḃfuil an Coṁairle Condae sásta íoc as seirḃísí mar seo.

Agus dála an scéil, nuair a stad an dream seo ag íoc as banaltra, in Oileán Árainn, nár ṁiṫid agus nár lán ṁiṫid, don Ċoṁairle Co., seirḃísí banaltraċta faoi mar ba ċóir a ċur ar fáil don oileán; aċ go dtí seo níl a ḋaṫ déanta leis na seirḃísí sin a ṡoláṫar do ṗobal Árann.

Agus an tseaċtain seo caite ḃí árd caint san Dáil faoi na rudaí a ḃíoṫar a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt, sin ceann de na céad rudaí ba ċeart a ċur ar fáil seirḃís ceart banaltraċta.

Iorras

Ócáid ṁór ab' ea é Dé Doṁnaiġ seo caite ag Tíorán, Cloċair, nuair a d'oscail a Ṁórḋaċt, an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Ó Baoill, Tiarna Easpag, Ċill Ala, an séipéal nua. Ṫosnaiġ an tearmanas ag 11.30 agus ḃí slua mór den ṗobal i láṫair agus coṁarsanaí ⁊ cáirde óna paráistí timpeall.

Ag cruinniú i mBaile Cruaiḋe an tseaċtain seo caite, cinneaḋ go n-iarrfaí ar an Ċoṁairle Condae trío na Coṁairleoirí Condae Áitiúil, féaċaint ċuige go dtógfaí soilse ag an séipéal, ag cónaí an doċtúra, agus ag na tiġiní Coṁairle Condae agus ar fud ṡráid an ḃaile.

Cuireaḋ an ċoróin ar Caitlín Nic Cárrṫaiġ, Tallaghan, Duḃ Ṫuama, mar banríon an rinnce, ag Carnibal Gleann Ċaisleán Dé hAoine seo caite.

I dTeaċ Pobail Naoṁ Muire Banríon an Ṗaidirín, Cros an Araldaiġ, pósaḋ Pádraic M. Mac Cárrṫaiġ, mac le D. S. Mac Cárrṫaiġ, Co. Ċorcaí, agus Áine Ní Ṡioradáin, aon iníon le P. Ó Sioradáin agus a ḃean, Duḃloċ, Gaoṫ Sáile. An tAṫair E. Ó Duiḃeanaiġ, S.M.A., Corcaí, colceaṫrar na brideoige, a pós iad, agus an tArd Deacon M. Ó Finneaḋa S.P., Béal an Ṁuirṫid ⁊ an tAṫair E. Lamb, Watergrasshill, Corcaí, agus M. F. Purcell, S.C., Cros an Araldaiġ, agus L. Ó Sioradáin, Páirc Dealgan, colceaṫrar na brideoige, agus an tAṫair E. Strain, Co. Ḋún na nGall, col-ceaṫrar na brideoige, an tAṫair Mac Giollacodaiġ, Manor, Cilbride, agus an tAṫair Mac Giolla Ḃarraí, S.C., Gaoṫ Sáile, agus an tAṫair Mescill, Philipines, ag caḃrú leis. Goḃnait Nic Cárrṫaiġ agus Sorċa Nic Geaċráin a ḃí ag caḃrú leis an brideoig agus Liam Mac Cárrṫaiġ agus an Dr. D. Mac Cárrṫaiġ a ḃí ag seasaṁ leis an ḟear.

Coṁġáirdeas le cúigear as Iorras ar éiriġ leo insan scrúdú do na gárdaí agus a ḃéas ag imeaċt go dtí an Teampall Mór ċuig an ionad traenála ansin gan ṁoill. Siad an cúigear ar éiriġ leo — Miċeál Ó Dúnṡléiḃe, Corr Cloċ, a fuair an dara h-áit in Éirinn as 500 iarratóirí, M. F. Hopcins, Sráid na Bearraice, Béal an Ṁuirṫid, T. Ó hAinle, Fód Duḃ, P. Caifeartaiġ, Imleaċ Beag, Tuaiḋ, A. Láillí, Gleann Rí, Béal an Ṁuirṫid. Ar ṁeanscoil Naoṁ Ṁuire, Béal an Ṁuirṫid, a ḃí Caifeartaiġ, Ó hAinle, Ó Dúnṡléiḃe agus Hopcins, agus ar ġairmscoil Ḃéal an Ṁuirṫid a ḃí Láillí, fá ċoinne a gcuid oideaċais.

Gleannḃarr

Duine ar biṫ de ṁuintir na h-áite seo a raiḃ baint aige leis an Ċeaṫrúin Caoil ḃí sean-aiṫne aige ar Pádraig Mac Daeid óir duine láċ, cairdiúil, croíúil a ḃí ann agus ḃí ard-ṁeas ag a luċt aiṫeantais air. Níl iontas go raiḃ brón ar fud an ċeantair seo ar fad nuair a leaṫnaiġ an scéal ṫart go raiḃ sé marḃ. Go ndéanaiḋ Dia grásta air. Ḃí Pádraig ar ḋuine de na fir óga a ċuir Sinn Féin ar bun sa paróiste seo indiaiḋ 1916. Indiaiḋ sin ċuaiġ sé go hAlbain agus ba minic a ċuir sé é féin i gcontúirt an ṁór ag cuir lón-cogaiḋ anall go dtí óglaiġ na háite seo. Nuair a ṫáiniġ sé na ḃaile as Albain ṡocraiġ sé ar an Ċeaṫrúin Ċaoil agus ċaiṫ sé an ċuid ḋeireannaċ dá ṡaoġail ansin. Ba éisean a ṫug an talaṁ saor gan dadaḋ leis an teaċ pobail a ċuir ar bun agus mar ionad do ṫeaċ pobail níl a ṡárú le fáil in Éirinn. Tá sé tuairim 's deiċ dtroiġ níos áirde nó 'n tsráid agus fánaiḋ beag leis bealaċ na sráile. Níl iontas go ḃfuil teaċ pobail na Ceaṫrúna Caola airiste ar ċeann de na tiġṫe pobail is deise in Éirinn. "Cuidiġ le Dia," deir siad, "agus cuideióiḋ Dia leat." Ḃí crúċú an tsean naṫain le feiceáil i gcás Pádraig óir ḃí an sagag colḃa a leapṫa nuair a fuair sé bás. Ḃí tórraṁ an ṁór leis go dtí Teaċ Pobail, Árd an Aifrinn Dé Saṫairn agus go dtí an roilig indiaiḋ an Aifrinn. B'é an tAṫair Ṁac Daeid a léiġ Aifrinn na Marḃ agus a dúirt na hurnaiġ os cionn na huaiġe.

Ḃí bás Donnċaḋ Ó Duiḋne, Má Ċamais, Raṫ Ṁaoláin, 'na ċúis mór bróin sa paróiste fosta. Búistéir a ḃí na Ḋonnċaḋ agus ḃí siopa feola aige ar an Ċeaṫrúin Ċaoil go dtí gur éiriġ sé as obair. Duine macanta ionraic a ḃ'é Donnċaḋ agus ḃí muinín ag aċan duine as óir ḃí an t-earraí a díol sé ar an ċuid a ḃ'ḟearr. Go ndéanaiḋ Dia grásta ar a anam. Nímid coṁḃrón lena muintir.